# Tuarascáil Bhliantúil
# Annual Report
# 2005/2006



INSTITUTE OF TECHNOLOGY TRALEE
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA TRÁ LÍ

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí
Trá Lí, Co. Chiarraí
Éire

Guth. ++353 (0) 66 7125755
Facs. ++353 (0) 66 7125711
R-phost. info@ittralee.ie
Idirlíon. http://www.ittralee.ie

# Clár an Ábhair

Tuairisic an Chathaoirligh ....................2
Tuairisic an Stiúrthóra ....................3
An Bord Rialaithe ....................4
An Chomhairle Acadúil ....................5
Bainistiocht Shinsearach ....................6
A bhfuil curtha i gcrích ag an bhfoireann ....................7
Ionad Nuálaiochta Chiarraí ....................9
Tuairisc Forbraíochta ....................10
Scoil Ghnó & Staidéar Sóisialta ....................13
Scoil Innealtóireachta & Staidéar Foirgníochta ....................13
Scoil Eolaíochta & Riomhaireachta ....................15
Cláir ....................16
Scrúdaitheoirí Seachtracha ....................18
Staidrimh maidir le Mic Léinn ....................22
Tuairisc ar Sheirbhísi na Mac Léinn ....................24
Tuairisc ar Dhaonacmhainní ....................25
Tuairisc Airgeadais ....................26
Dualgaisí Reachtúla & Fógraí Eile ....................30
Tuilleadh Nuachta ....................31

Gabhann an Institiúid buíochas leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus leis an Aontas Eorpach as a dtacaíocht agus a maoiniú.

# Tuairisc an Chathaoirligh



Cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta mise thar n-ais mar chathaoirleach ar an mBord Rialaithe do thréimhse chúig bliana ó 14 Feabhra 2006. Ba mhór an onóir agam é sin agus táim ag tnúth le bheith ag feidhmiú thar ceann na hInstitiúide.



Tá toradh ag teacht ar a lán forbairtí anois. D'oscail Mr. Micheál Martin, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Ionad Ionduchtúcháin Ghnó Tom Crean go hoifigiúil 15 Márta 2006. Fuair an Institiúid maoiniú chun crèche a thógaint sa Champas Thuaidh agus cuirfear an áis sin ar fáil do na mic léinn ach a mbeidh sí tógtha. Táimid ag feitheamh faoi láthair le ceadú ón Roinn Oideachais & Eolaíochta chun iarrataisí a fháil ar thairiscintí i gcóir Leabharlann & Ionad Acmhainní Eolais.

Is mian liomsa, mar chathaoirleach, buíochas a ghabháil leis an mBord Rialaithe, le Bainistíocht agus Foireann na hInstitiúide as tacú linn riamh is choíche chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá amach romhainn.


Tá súil agam go leanfaidh an Institiúid ag fás agus ag forbairt amach anseo agus go mbeidh torthaí fónta ar ár saothar i gcónaí.

**Flan Garvey**



**Cathaoirleach**

# Tuairisc an Stiúrthóra



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2005/2006 a láithriú.

Fé mar atá ráite ag an gCathaoirleach cheana féin is tréimhse ana-spleodrach i saol na hInstitiúide í seo agus slám tograí ar na bioráin againn.


Is mian liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann a chuaigh ar scor ón Institiúid i mbliana as a ndeineadar chun forás agus éiritheacht na hInstitiúide a chur chun cinn i gcónaí agus guím gach rath amach anseo orthu.



Is mian liom an deis a thapú chomh maith chun aitheantas a thabhairt don méid a dhein baill na foirne, comhaltaí Choiste an Iniúchóra ar an mBord Rialaithe agus don mBord Rialaithe féin as tacú go gníomhach linn i rith na bliana seo caite.

Ba mhaith liom leis míle buíochas a ghabháil le gach éinne a bhí ag obair san Institúid le linn na tréimhse ó Mheán an Fhómhair 2005 go Lúnasa 2006.

**Michael Carmody**



**Stiúrthóir**

# An Bord Rialaithe

Sé Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) a dhearbhaíonn iad siúd - 19 gcomhalta ar fad - a bheidh ar Bhord Rialaithe na hInstitiúide Teicneolaíochta. Bhí téarma oifige an Bhoird Rialaithe, a scorfaidh sara fada, istigh mí na Márta 2005 agus tháinig an Bord nua Rialaithe i gcomharbacht orthu Meitheamh 2005 i gcomhair tréimhse chúig bliana.

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Flan Garvey | Cathaoirleach |
| Mr. Michael Carmody | Stiúrthóir |

Seisear arna n-ainmniú ag an CGO faoi Alt 6 (4) (a) agus (b) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992):

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Terry O'Brien | Seirbhís Oideachais Chiarraí (-CGO i gCiarraí) |
| Tomás Ó Cruadhlaoich, Uas., | Seirbhís Oideachais Chiarraí (- CGO i gCiarraí) |
| Maria O'Gorman, Uas., | Seirbhís Oideachais Chiarraí (-CGO i gCiarraí) |
| Tony O'Callaghan, Uas., | Seirbhís Oideachais Chiarraí (- CGO i gCiarraí) |
| An Comhairleoir John T. Griffin | CGO Co. Luimnigh |
| An Comhairleoir Peter Considine | CGO Co.an Chláir |

| | |
|---|---|
| Andrew McCarthy Uas., | Comhdháil na gCeardchumann Éireannacha |
| Mr. Sean Clifford | Ainmní ag an CIF |



Ceathrar arna n-ainmniú ag an CGO faoi Alt 6 (4) (1) (g) d'Acht na gColáistí Réigiúnacha (1992):

| | |
|---|---|
| An tUasal Eamon Neachtain | Údarás na Gaeltachta |
| Mary Owens, Uas., | Fáilte Ireland |
| Margie Lynch, Uas., | Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte |
| Joan Fahey, Uas., | Fiontraíocht Éireann |

Faoi Alt 4 (3) d'Acht na gColáistí Teicniúla (1992):

| | |
|---|---|
| Jerry Kelliher, Uas., | Uachtarán Aontas na Mac Léinn (tréimhse go dtí 30/6/06) |
| Louise Curran, Uas., | Ionadaí na Mac Léinn (tréimhse go dtí 30/6/06) |
| Mary Dennehy, Uas., | Ionadaí ón bhFoireann Riaracháin/Teicniúil |
| An Dr. Joan Cleary | Ionadaí ón bhFoireann Acadúil |
| Martin O Grady, Uas., | Ionadaí ón bhFoireann Acadúil |

Tionóladh 16 cruinniú ar fad ar na dátaí seo leanas:
6 Meán Fómhair 2005*
27 Meán Fómhair 2005
8 Samhain 2005
22 Samhain 2005
14 Nollaig 2005
31 Eanáir 2006
28 Feabhra 2006
13 Márta 2006
11 Aibreán2006
16 Bealtaine 2006
19 Bealtaine 2006*
27 Meitheamh 2006
13 Iúil 2006*
27 Iúil 2006*
1 Lúnasa 2006*
25 Lúnasa 2006*

* Tugann san le fios gur thionóil an Stiúrthóir agus an Cathaoirleach an cruinniú faoi Alt 11 (5) d'Acht na gColáistí Teicniúla (1992).

# An Chomhairle Acadúil

**Réamhrá**
Is bord reachtúil í Comhairle Acadúil na hInstitiúide Teicneolaíochta, Trá Lí a ndéantar a feidhmeanna a shainmhíniú in Alt 11 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992. Ullmhaíonn an Chomhairle Acadúil Tuarascáil Bhliantúil chun gur fearr a bheidh an fhoireann agus páirtithe eile lena mbaineann ar an eolas féna gníomhaíochtaí agus chun taifead foirmiúil a sholáthar fé ghníomhaíochtaí dá sórt.

**Ballraíocht**
Ceapann an Bord Rialaithe baill na Comhairle Acadúla i gcóir téarma oifige trí bliana. Ceapadh an Chomhairle Acadúil an 31 Nollaig 2003 i gcóir téarma trí bliana ón dáta sin. Baill de bhrí oifige atá uirthi agus is baill tofa den bhfoireann acadúil iad maraon le mic léinn.

**Baill de bhrí oifige ó 31 Nollaig 2003**

| | |
|---|---|
| **Stiúrthóir** | Michael Carmody, Uas., (Cathaoirleach) |
| **Cláraitheoir** | An Dr. Oliver Murphy (Rúnaí) |
| **Ceann Forbraíochta** | An Dr. Henry Lyons chuaigh ar scor - Tháinig an An Dr. Jerry Clifford i gcomharbacht air i mí na Márta 2006 |
| **Ceanna na Scoileanna** | Gnó & Staidéar Sóisialta: Brian O'Connor, Uas.<br>Innealtóireacht & Staidéar Foirgníochta: Kevin Lynch, Uas.<br>Eolaíocht & Ríomhaireacht: Séamus O'Shea, Uas. |
| **Ceanna na Rann** | Gnó & Daonnachtaí: Pat McGarty, Uas.<br>Faisnéisíocht Ghnó: Kay Fitzgerald, Uas.<br>Lónadóireacht Óstain & Turasóireacht: Mary Rose Stafford, Uas.<br>Innealtóireacht Shibhialta & Staidéar Foirgníochta: Mr. John Murphy<br>Eolaíochtaí Ceimiceán agus na Beatha & Sláinte/Corpacmhainne & Staidéar Fóillíochta: An Dr. Noel Mulligan - Patrick Flanagan, Uas., ina ionad Aibreán 2006<br>Staidéar Altranais & Cúraim Sláinte: An Dr. Gary Brown<br>Ríomhaireacht & Matamaitic: Deirdre Lillis, Uas. |
| **Leabharlannaí** | Pat Doherty, Uas. |

**Foireann Tofa Acadúil**

| | |
|---|---|
| **Scoil Ghnó & Staidéar Sóisialta** | Deirdre Kiely, Uas<br>Gerard O'Brien, Uas.<br>An Dr. Colm O'Doherty<br>Mary Lucey, Uas.<br>Peter Sharpe, Uas. |
| **Scoil na hInnealtóireachta** | Pat Flynn Uas.<br>Gary Fort, Uas.<br>Dave Frizelle, Uas.<br>Dave Hegarty, Uas.<br>An Dr. James Prendergast |
| **Scoil na hEolaíochta** | An Dr. John Corr<br>William Evans, Uas.<br>Sandra Hanley, Uas.<br>Fiona O'Flynn, Uas.<br>Edel Randles, Uas. |
| **Comhaltaí de chuid na Mac Léinn:** | Jerry Kelleher, Uas, Uachtarán ar Aontas na Mac Léinn: (2005/2006)<br>Aoife Connolly, Uas., Oifigeach Cumarsáide (2005/2006): |
| **Ball comhthofa:** | Dick Carmody, Uas., Bainisteoir i Riarachán Acadúil & i nGnóthaí na Mac Léinn |

**Sceideal na gCruinnithe**
Bíonn cruinniú gach mí ag an gComhairle Acadúil idir Meán Fómhair agus Meitheamh. Bíonn cruinniú ag na ceithre Fho-Choistí d'réir mar is gá i rith na bliana. Thionóil an Chomhairle Acadúil na cruinnithe seo leanas i rith 2005/2006:

| | |
|---|---|
| 19 Nollaig 2005 | 14 Samhain 2005 |
| 12 Nollaig 2005 | 16 Eanáir 2006 |
| 13 Feabhra 2006 | 3 Aibreán 2006 |
| 15 Bealtaine 2006 | 19 Meitheamh 2006 |

# Bainistíocht Shinsearach

| | |
|---|---|
| Stiúrthóir | Michael Carmody, Uas. |
| Cláraitheoir | An Dr. Oliver Murphy |
| Rúnaí/Rialtóir Airgeadais | Donal Fitzgibbon, Uas. |
| Ceann Forbraíochta (i bhfeidhm ó Márta 2006) | An Dr. Jerry Clifford |
| Ceann Scoil na hEolaíochta & Ríomhaireachta | Séamus O'Sé, Uas. |
| Feidhmíú mar Cheann na Roinne – Ceimiceáin & Beatha | Pat Flanagan, Uas. |
| Eolaíochtaí & Sláinte & Fóillíocht (i bhfeidhm ó Aibreán 2006) | |
| Ceann na Roinne – Staidéir Altranais & Cúram Sláinte | An Dr. Gary Brown |
| Ceann na Roinne – Ríomhaireacht | Deirdre Lillis, Uas. |
| Ceann Scoil na hInnealtóireachta & Staidéar Foirgníochta | Kevin Lynch, Uas. |
| Ceann na Roinne – Staidéar Sibhialta & Foirgníochta | John Murphy, Uas. |
| Ceann Ghnó na Scoile Gnó agus Staidéar Sóisialta | Brian O'Connor, Uas. |
| Ceann na Roinne – Gnó agus Daonnachtaí | Pat McGarty, Uas. |
| Ceann na Roinne – Lónadóireacht Óstáin & Turasóireacht | Mary Rose Stafford, Uas. |
| Ceann na Roinne – Faisnéisíocht Ghnó | Kay Fitzgerald, Uas. |
| Bainisteoir Riarachán Gnó & Gnóthaí na Mac Léinn | Dick Carmody, Uas. |
| Bainisteoir Airgeadais | John Fox, Uas. |
| Bainisteoir ar Sheirbhísí Seachtracha | Brid McElligott, Uas. |
| Bainisteoir ar Acmhainní Daonna (i bhfeidhm ó Meitheamh 2006) | Siobhán Garvey, Uas. |
| Bainisteoir Eastát | Donal Hunt, Uas. |
| Leabharlannaí | Pat Doherty, Uas. |
| Bainisteoir TF | Andrew Quirke, Uas. |
| Clárbhainisteoir – Togra Modúlaithe /Ionad Foghlama & Teagaisc | An Dr. Noel Mulligan |

# A bhfuil curtha i gcrích ag an bhfoireann

**Forbairt Leanúnach Proifisiúnta**

| | | |
|---|---|---|
| Elizabeth McEntee | Comhairleoir Cáilithe Airgeadais | 2005 |
| Roberta Raymond Nolan PhD (UL) | Roinn na dTeangacha & Staidéar Cultúir | 2005 |

**2. Láithreoireachtaí ag Comhdhálacha/Seimineáir**

**Ms. Edel Randles**

Láithrigh Ms. Edel Randles páipéar ag Comhdháil de Chomhlachas na hEorpa i mBainistíocht Spóirt (EASM) i Newcastle on Tyne, sa Ríocht Aontaithe, Meán Fómhair 2005 dar teideal: Understanding Patterns of Volunteering Commitment Amongst Third Level Students (Pátrúin i nGealltanais Saorálaíochta ó Mhic Léinn Tríú Leibhéal a Thuiscint)

**Ms. Jackie Ni Mhuircheartaigh**

Láithrigh Ms. Jackie Ní Mhuircheartaigh páipéar i 2006 agus dhein saotharlann a éascú ag an gcomhdháil seo leanas; Researching Physical Education, Physical Activity and Sport Participation in the Irish Context: A Research Forum. (Taighde sa Chorpoideachas, sa Ghníomhaíocht Choirp agus i Rannpháirtíocht sa Spórt i gComhthéacs na hÉireann: Fóram Taighde.) Ollscoil Luimnigh 15 & 16 Meitheamh 2006.

B'é teideal an pháipéir a láithríodh ag an bhfóram ná: 'Sports Education and Critical Inquiry: A Feminist Pedagogy'.



Chomhláithrigh Jackie an tsaotharlann seo a leanas chomh maith: Sport Education: Ideas for Postsecondary Teachers (Oideachas Spóirt: Smaointe do Mhúinteoirí Iarmheánscoile) B'iad na láithreoirí ná:
Deborah Tannehill (OL), Jackie Ní Mhuircheartaigh (ITT), Mike Carey (Corcaigh), Ger Halbert (Corcaigh), Karla Harman (Idaho, SAM), Jan Hall (Idaho, SAM), Eileen Lyons (Corcaigh) agus Fergal Lyons (Corcaigh).

**An Dr. Michael Hall**

***Foilseacháin gur deineadh Atbhreithniú Piaraí orthu:***
Foilseacháin gur deineadh Atbhreithniú Piaraí orthu:
Ghlac an British Journal of Sports Medicine leis an bpáipéar seo a leanas lena fhoillsiú de bharr taighde a deineadh do théis M.Sc. Martin McIntyre (fé mhaoirseacht ag Dr. Michael Hall) Martin McIntyre agus Dr. Michael Hall. Próifíleanna fiseolaíochta i ndáil le hionad imeartha na sárimreoirí peile. British Journal of Sports Medicine (2005); 1-3.

***Láithriú Taighde:***
Thug Eilish Broderick an láithriú béil seo a leanas do lucht taighde ó gach Institiúid Teicneolaíochta.
Eilish Broderick, An Dr. Henry Lyons, Tony Pembroke agus An Dr. Michael Hall. The Characterisation of a novel alginate-based material with hydrophilic and hydrophobic properties.(Saintréithiú ábhair nua ailgionáit-bhunaithe le tréithe hidrifileacha agus hidreafóbacha.(2005) Imeachtaí ón 9ú Collóciam Eolaíochta agus Taighde Ríomhaireachta, Institiúid Teicneolaíochta, Ceatharlach, Éire.

***Comhalta de Choiste Eagraithe na Comhdhála***
B'é an Dr. Michael Hall an t-ionadaí ón IT Trá Lí ar an gCoiste Eagrúcháin don dara Comhdháil Taighde BithGhréasáin (Institiúid Teicneolaíochta Ceatharlach).

***Maoiniú ar Thaighde:***
Tosnaíonn Noreen O'Mahoney, iarchéimí le BSc (Onór.) an togra maoinithe PRTLI-3 san M.Sc. (páirtaimseartha) i gcumaisc éastraigineacha i mbianna agus é fé mhaoirseacht ag an Dr. Michael Hall.

Bhronn an Rannóg i dTaighde Teicneolaíochta (Snáithe 1) maoiniú i gcóir MSc dar teideal 'Microbial digestion of industrial seaweed residue' (Díleá miocróbach i bhfuíoll fheamainn thionsclaíochta). Comhoibriú ab ea an taighde, agus an Dr. Michael Hall and Dr. Mary Concannon á maoirsiú, idir an Institiúid agus iarchomhlacht an champais, Brandon Products, Ltd.

Bhuail an Dr. Michael Hall agus an cúntóir taighde Sharon Ní Shúilleabháin leis an Dr. Fíona Lyng agus an Dr. Maria Davoren, taighdeoirí in Institiúid Fhócais DIT mí Iúil agus Lúnasa 2006 chun ábhair spéise leo araon i dtaighde a phlé, le hintinn moladh a chur fé bhráid scéim Rannóg i dTaighde Teicniúil Snáithe III déanach i 2006.

**An Dr. Peter Van der Kamp**

***Leabhair***

Irish Literature. The Nineteenth Century. 1800-1840. (Eagarthóir leis an Ollamh A. Norman Jeffares). B.Á.C. & Oregon: Irish Academic Press, 2005 (li & 402 pp.)
Irish Literature. The Eighteenth Cenntury. (Eagarthóir leis an Ollamh A. Norman Jeffares). B.Á.C. & Oregon: Irish Academic Press, 2005 (xxii & 399 pp.)

**An Dr. Siobhán Ní Mhaolrúnaigh**

***Láithreoireachtaí:***

Eanáir 2006: Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí: Forbhreathnú ar Aonad Taighde & Gníomhaíochtaí - Oifig Taighde & Forbraíochta
Eanáir 2006: Saotharlann ar Ghníomhaíochtaí Taighde
Feabhra 2006: Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh: Modúlú: An tEispéaras a Caitheadh: Forbairt Fóirne.
Eanáir - Márta 2006: Comhordaitheoirí Forbraíochta Cleachtais: Gníomhaíochtaí taighde
Meitheamh 2006: Athbhreithniú i Réimse Taighde Straitéisigh a láithríodh i bhfianaise an Phainéil.

***Comhdháil:***

Meán Fómhair 2005: Páipéar a láithríodh: Foghlaim as Taithí a Luacháil ag an gComhlachas Ardoideachais d'Aosaigh: Físeanna á dtógaint orthu: Bunathruithe chun Feabhais i mBunúis an Ardoideachas d'Aosaigh, Cambridge Bostún SAM
Samhain 2005: Toscaire ag an gComhairle Náisiúnta ar son Fhorbairt Phroifisiúnta ar Altranas & Mná Cabhrach, Óstán Jury, Baile Átha Cliath
Aibreán 2006: Láithriú ar Phóstaer Eadránaithe: Comhdháil ar Shláinte Níos Fearr Le Chéile, Imperial College, Londain
Aibreán 2006: Taispeántóir CIPW ag an gComhdháil ar Shláinte Níos Fearr Le Chéile, Imperial College, Londain
Aibreán 2006: I láthair ag Seoladh Bhunachar Uile Éireann i gcóir Forbairt um Chleachtas Altranais
Meitheamh 2006: Comhdháil HRB, Caisleán Bhaile Átha Cliath



***Moltaí Taighde***

Deireadh Fómhair 2005 Moladh don Aonad Forbartha & Pleanáil Cnáimhseachais & Altranais i gcóir togra taighde san úsáid a bhaineann altraí as cleachtais fianaise-bhunaithe i gcinní.

Samhain 2005 moladh d'Oifig Forbartha ITT taighde a dhéanamh i meon aigne mic léinn i leith an altranais mar ghairm bheatha.

Eanáir 2006 Moladh á fhorbairt leis an Ollamh Meads Ollscoil Warwick chun Oideachas agus Cleachtas Idirphroifisiúnta a mheasúnú sa RA agus in Éirinn.

Aibreán 2006 Aighneacht don bhFóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta chun réimsí a aithint ina bhfuil taighde agus forbairt riachtanach do dhaoine atá níos sine.

Bealtaine 2006 Moladh don FSS Forbairt um Oideachas Idirphroifisiúnach agus Cleachtas Oibrithe a Thionsnamh.

Meitheamh 2006: Comhpháirtíochtaí i gcóir taighde comhoibríochta a thógaint: Moladh do 'Pobal' i gcóir airgid Tionscnaimh chun foirne ildisciplíneacha agus tograí taighde a fhorbairt (€41,000).

Meitheamh 2006 Aighneacht do 'Forfás' chun go mbeadh an Chomhairle Comhairleoireachta um Theicneolaíocht Eolaíochta & Nuálaíochta rannpháirteach san Athbhreithniú ar Thaighde Sláinte in Éirinn.

Chuir sí iarrataisí fé bhráid an Choiste Eitice le ceadú ó thaobh eitice a fháil maidir le tograí atá molta.

**Tony O'Hanlon Uas**

Comheagarthóir ar Bhróisiúr TUI do Chomhdháil Náisiúnta TUI a tionóladh in Óstán Brandon ó 18 go dtí 21 Aibreán 2006.

Thug 20 léacht i gCumarsáid idirphearsanta in Varkaus, Oirthear na Fionlainne dá Scoil Samhraidh ó 1 go dtí 14 Bealtaine 2006.

**Roberta Raymond Nolan Uas**

***Láithrigh sí na Páipéir seo leanas:***

Deireadh Fómhair 2005: Ollscoil Luimnigh
Meitheamh 2006: WIT (i gcomhar le Mary Rose Stafford)
Iúil 2006: Comhdháil ISSEI, Malta (2 pháipéar)

***Foilseacháin:***
Meitheamh 2006: Chríochnaigh sí caibidil i Customer Service lena fhoillsiú (i gcomhar le Mary Rose Stafford)
Meitheamh 2006: Teaching the Great Irish Famine Through Dance, Calliope Journal: Cobblestone Publishing, New Hampshire, SAM

**Kristin Brogan Uas**

***Tograí an Aontais Eorpaigh:***
Meán Fómhair 2005: Togra píolótach LdV a mhaoinigh an tAE: "Ready, Study, Go" Achar dhá bhliain & maoiniú de bhreis is 21,000 Euro do ITT. Sí ITT an bainisteoir cáilíochta sa togra sin.

Feabhra 2006: Cuireadh an togra píolótach LdV fé bhráid Choimisiún an AE & an Áisíneacht Náisiúnta

***Láithreoireachtaí ag Comhdhálacha Idirnáisiúnta:***
Láithreoireacht 'Problem Solve'ag IAM (Comhlachas Idirnáisiúnta den Ilteangachas/ International Association of Multilingualism), Ollscoil Freiburg, An Eilbhéis,
Meán Fómhair 2005

***Láithreoireachtaí ag Comhdhálacha Náisiúnta:***
Láithreoireacht a tugadh i dtaobh mhodúl Teanga i nGearmáinis ag an seimineár 'Gnó Gearmánach in Éirinn' in Institut Goethe, BÁC, Samhain 2005.



***Foilseacháin***
Páipéar a láithríodh ag comhdháil ASET a foilsíodh ina leabhar comhdhála "Integrating Work & Learning: Partnerships for Placement", Cambridge, 2005

Páipéar a láithríodh ag comhdháil Vilnius a foilsíodh in "Innovation and Tradition in Contemporary Language Studies", Preas Ollscoil Vilnius, An Liotuáin, 2005

Chuir Cumann Gearmánach in ITT ar bun 2005 - turas á eagrú acu go dtí Köln i 2006 i measc imeachtaí éagsúla eile

# Ionad Nuálaíochta Chiarraí

Tugadh Ionad Gnó Tom Crean chun críche i 2005 agus thóg an tIonad Nuálaíochta Chiarraí reáchtáil an ionaid nua ionduchtúcháin ghnó ar láimh. Fiontraíocht Éireann a sholáthair an maoiniú chun an fhorbairt nua seo a thógaint. Soláthraíonn an t-ionad timpeallacht chúntach agus áiseanna ionduchtúcháin chun cuidiú le lucht nuálaíochta agus fiontraíochta chun a smaointe a thógaint ó phromhadh i bprionsabail go dtí go n-éireoidh go feillebhinn leo i saol na tráchtála.

Solathraíonn an t-ionad 1,100 m2 de spás ionduchtúcháin lena n-áirítear:
21 aonad iniata
Seomra caidrimh
Staisiún Caifé
Limistéar Fáiltithe
Seirbhísí Comhroinnte

Cuireann Ionad Tom Crean nuálaíocht agus fiontraíocht chun cinn trí na nithe seo leanas:
Tacaíonn sé le fiontraithe, comhlachtaí an champais agus fiontair eile eolas-bhunaithe
Bunaíodh gréasáin tacaíochta
Ceadúnais sholúbtha a thugann caoi do ghnólachtaí bláthú i dtimpeallacht fiontraíochta
Taighde ar chonarthaí agus ar chomhoibriú tionsclaíochta-acadúil a chur chun cinn
Tacaíocht in oiliúint ghnó, i sainchomhairliúchán agus i meantóireacht
Rochtain ar acmhainní inmheánacha maille le bunscileanna chun gnó a thosnú.



Brabús glan don bhliain dár críoch 31.12.2006 ná €39,126

# Tuairisc Forbraíochta

**Taighde in Earnáil na Teicneolaíochta - Snáithe 1**

| Teideal | Togra an taighdeora na dtaighdeoiri |
|---|---|
| Pat Doody | Lightweight Objective quality of speech estimation methods through machine learning |
| Brendan McCarra | The development of functional food ingredients by enzymatic treatment of yeast cell wall polysaccharides (Forbairt comhábhar bia feidhmeach trí chóireáil einsímeach ar pholaishiúicrídí i bhfalla cille) |

## Comhadhálacha

**ISO (Eagraíocht um Chaighdeáin idirnáisiúnta/International Standards Organisation)**
Is fé chomairce na hInstitiúide Teicneolaíochta, Trá Lí, a bhí cruinniú an ISO/TC/176 ón Satharn 17 Meitheamh go dtí'n Aoine 23 Meitheamh, 2006. D'fhreastail os cionn 100 toscaire ós gach cearn den domhan ar an ócáid idirnáisiúnta seo. Mhol an tUas. Peter Dennehy - Ceann ar Mheasúnú Comhréireachta, ISO, An Ghinéiv, An Eilbhéis, IT Trá Lí agus go háirithe lucht riaracháin, na seirbhísí ríomhaireachta, agus an fhoireann lónadóireachta as an dtacaíocht iontach a cuireadh ar fáil.

## Forbairt an Champais



**Ionad Gnó Tom Crean**
Dé Céadaoin, 15 Márta 2006, a deineadh Ionad Gnó Tom Crean a oscailt go hoifigiúil. Mícheál Martin, T.D., An tAire Fiontar, Trádála & Fostaíochta a d'oscail an Foirgneamh go hoifigiúil.

**An Leabharlann agus Ionad Acmhainn Eolais**
Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go raghfaí chun cinn go dtí Céim 4/5 ar an 28 Márta 2006.

**Foirgneamh um Léann an Chultúir**
Fógraíodh sa phreas náisiúnta agus ar ghréasáin é-thairiscintí an rialtais chun spéis a nochtadh i bhFoirgneamh um Léann an Chultúir a shuíomh ar an gCampas Thuaidh.

**Creche Dhrom Tacair**
Fuarthas maoiniú de €700k ón Roinn Dlí is Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i gcóir Dromthacker Crèche Ltd. Cheadaigh an Roinn Oideachais & Eolaíochta Comhaontú Ceadúnaithe ITT chun an crèche a thógaint ar an gCampas Thuaidh.

## Tuairisc ar Ghníomhaíocht Idirnáisiúnta

**Gluaisteacht Isteach – Mic Léinn**

D'fháiltigh IT, Trá Lí roimh 128 mac léinn idirnáisiúnta ar chláir staidéir fé mar a léirítear thíos. Dhein 30 duine acu staidéar i gcláir lánchéime mar leanas:

| *Clár Céime* | Bliain | Mic Léinn |
|---|---|---|
| B.Gnó (Onór) Margaíocht | 4 | 7 |
| B. Gnó (Onór) Cuntasaíocht | 4 | 2 |
| B. Gnó Margaíocht | 3 | 7 |
| B. Gnó Turasóireacht | 3 | 3 |
| B.A. Staidéar Sóisialta agus Cúram Sóisialta | 3 | 1 |
| B.Eol. Bogearraí-Ríomhaireacht a Fhorbairt | 3 | 7 |
| B.Eol. Tacaíocht Teicneolaíochta sa bhFaisnéis-Ríomhaireacht | 3 | 1 |
| B.Eol. (Onór) Bogearraí-Ríomhaireacht a Fhorbairt | 4 | 1 |
| B.Inneal. Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach | 3 | 1 |

Roghnaigh 98 mac léinn breise Erasmus ábhair éagsúla mar mhaithe le creidiúint acadúil a bhaint amach ar chláir sna Scoileanna Gnó & Staidéar Sóisialta, Eolaíocht & Ríomhaireacht agus Innealtóireacht & Staidéar Foirgníochta. Tháinig na mic léinn sin ó chomhinstitiúidí sa Bheilg, sa bhFionlainn, sa bhFrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, san Ísiltír, sa Spáinn, sa tSualann agus sa Ríocht Aontaithe.

**Gluaisteacht Amach - Mic Léinn - Staidéar**

Chuaigh 6 mac léinn (4 baineannach, 2 fhireannach) ó IT, Trá Lí i mbun Staidéir thar lear do Ghnó Idirnáisiúnta BBS ag IPAG, Nice, France sna cláir seo leanas:

| *Clár* | *Mic Léinn* |
|---|---|
| B.Gnó sa Turasóireacht | 2 |
| B.Gnó sa Ghnó & i dTeangacha | 4 |

**Gluaisteacht Amach - Mic Léinn – Socrúchán**

Ghabh 3 mac léinn (2 bhaineannach, 1 fireannach) ó IT Trá Lí socrúcháin oibre lena n-ais i gcomhlachtaí thar lear trí thionscnamh Leonardo sna cláir seo leanas:

| *Ceann Scíbe* | *Clár* | *Mic Léinn* |
|---|---|---|
| An Fhrainc | B.Gnó sa Turasóireacht | 2 |
| An Spáinn | B.Eol. (Onór) sa Ríomhaireacht | 1 |

**Gluaisteacht Amach - Baill den bhFoireann Teagaisc**

Chaith 7 den bhfoireann teagaisc (6 baineannach, 1 fireannach) ón Scoil Ghnó & Staidéar Sóisialta agus ón Scoil Ghnó agus Ríomhaireacht (2 fhireannach, 4 baineannach) seachtain ag teagasc i gcomhinstitiúid mar leanas:

| *Ceann Scríbe* | *Disciplín* | *Baill den bhFoirean* |
|---|---|---|
| An Fhionlainn | Altranas | 1 |
| An Fhionlainn | Gnó | 1 |
| An Ghearmáin | Daonnachtaí & Staidéar Sóisialta | 2 |
| An Laitvia | Daonnachtaí | 1 |
| An Spáinn | Gnó | 1 |
| An Ríocht Aontaithe | Matamaitic | 1 |



**Gluaisteacht Isteach - Baill den bhFoireann**

D'óstaigh an Institiúid foireann teagaisc ó chomhinstitiúidí sa Bheilg, sa bhFrainc, sa Ghearmáin, sa bhFionlainn & san Iorua.
De bharr na gníomhaíochta seo tá forbairtí leanúnacha á ndéanamh i modheolaíocht agus in ábhar an teagaisc.
Áirítear ar na disciplíní lena mbaineann iad seo leanas: Gnó, Innealtóireacht, Turasóireacht, Teangacha agus Eolaíocht Ríomhaireachta.

Úsáideadh ECTS do gach mac léinn i gCláir Ghluaiseachta Idirnáisiúnta agus dhein sé sin comhaitheantas ar chreidiúint a éascú.

D'óstaigh an Institiúid cuairteanna ó pháirtithe ó thar lear ar bhonn míosúil le hintinn comhoibriú sa taighde i bhforbairt churaclaim agus i dtograí comhchoitianta a chur chun cinn.

**Léann an Chultúir de chuid na hÉireann**

I mí na Nollag 2005, dhein IT, Trá Lí dianchúrsa 10 lá a sheachadadh do ghrúpa 18 mac léinn ó Wentworth Institute of Technology, Bostún, SAM, ar Léann an Chultúir de chuid na hÉireann.

**Dianchlár**

Dianchlár
Ghlac ceathrar mac léinn ó IT Trá Lí agus léachtóir amháin páirt i ndianchlár idirnáisiúnta i Margaíocht Idirlín, Bainistíocht TF d'Fhiontair agus do É-Ghnó ag Polytechnic Pirkanmaa, an Fhionlainn in Aibreán 2006.
Chuir an Oifig Idirnáisiúnta le himeachtaí a d'eagraigh an HEA, ICOS in Éirinn agus Coimisiún an AE thar lear.

Ghlac an Institiúid páirt i gComhdháil dhá lá de Ghréasáin Socrates in Ollscoil Ljubljana sa tSlóivéin, Bealtaine 2006.

Buiséad chlár Socrates an AE a mhaoinigh formhór na ngníomhaíochtaí sin réamhráite agus maoiniú institiúideach á bhforlíonadh.

## Foghlaim ar feadh an tSaoil

**Cúrsaí Páirtaimseartha 2005/2006**

Reáchtáladh na cúrsaí pairtaimseartha seo leanas i rith 2005/2006:

Institiúid Riaracháin Phoiblí – Bliain 1
Institiúid Riaracháin Phoiblí – Bliain 2
Institiúid Riaracháin Phoiblí– Bliain 3
IMI Bliain 1
IMI Bliain 2
ACCA (Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte) Bliain 1
ACCA (Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte ) Bliain 2
Cúrsa Bunaidh – Altranas
B.Eol. Altranas
B.Eol. (Onór) san Altranas
Dearadh Inmheánach
Teastas Bunaidh sa Ghnó & Staidéar Pobail

**Beart um Chomhionannas do Mhná**
**Teastas Bunaidh sa Ghnó agus sa Staidéar Pobail**

Deireadh Fómhair 2004, chuir an Institiúid iarratas isteach (ós í an phríomhháisíneacht i gcuibhreannas d'eagraíochtaí atá bunaithe i dTrá Lí a oibríonn go dlúth leis an RAPID i dTrá Lí agus leis na pobail má gcuaird) do 'POBAL' (ADM teo. mar bhí) fén Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Comhionannas in Athchóiriú Dlí sa Tionscnamh do Bheart na mBan chun Teastas Bunaidh aon bhliana sa Ghnó agus agus sa Staidéar Pobail a fhorbairt agus a sheachadadh. Fuair an IT, Trá Lí gealltanas de €130,000 mar mhaoiniú don gclár. Tacaíonn Grúpa Stiúrtha leis an gclár a chuimsíonn ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas: IT Trá Lí, Foireann Fhorfheidhmithe Limistéir RAPID Trá Lí, Comhpháirtíocht Thrá Lí, Togra Forbartha Pobail Trá Lí, Togra Forbartha do Lucht Siúil Chiarraí,Tuatha Chiarraí, Cumann Áitritheoirí na Mistéalach, Cumann Áitritheoirí Bhóthar an Spá/Eastát Bhalúnach agus Cumann Ard Aidhin/na Seanchille. Tosnaíodh ar an gcúrsa - Teastas Bunaidh sa Ghnó agus sa Staidéar Pobail - deireadh Fómhair 2005.

Díríodh an clár seo ar mhná ó na limistéir RAPID agus uma gcuaird i dTrá Lí mar gur thaispeáin an taighde go mbíonn cuidiú ar leith ag teastáil ó mhná chun gabháil lastuas de mhíbuntáistí oideachais, d'eisiamh sóisialta agus de chonstaicí eacnamaíochta.

Ceapadh an Clár (ar bronnadh FETAC Leibhéal 5 air) chun go mbeadh mic léinn inniúil ar choincheapa, ar shaincheisteanna agus léargais sa réimse gnó agus pobail a mheas agus a thuiscint. Tugtar réamheolas ar shé bhunábhar sa chúrsa: teicneolaíocht in eolas gnó agus scileanna méarchláraithe, staidéar fiontraíochta agus pobail, cumarsáid agus forbairt phearsanta, bainistíocht ghnó, eolas oifige agus riarachán poiblí. Sé an aidhm atá leo ná bunús fostaíochta a sholáthar do rannpháirtithe (áirítear scáthfhoghlaim ar feadh seachtaine agus socrúchán in obair ar feadh coicíse sa chlár) chomh maith le leanúint le hoideachas proifisiúnta agus acadúil (ach an clár a chríochnú go héiritheach, féadfaidh na mic léinn cur isteach go díreach ar áiteanna in IT, Trá Lí, atá curtha in áirithe dóibh ar cheithre chúrsa tríú leibhéal ar leithligh).

Bronnadh céim ar 13 mac léinn ón gclár seo, Deireadh Fómhair 2006. Tairgeadh áiteanna do naonúr mac léinn ar chúrsaí tríú leibhéal in IT, Trá Lí. Tá ITT lántsásta an cúrsa nua seo a sholáthar do na mic léinn agus táthar ag obair go dlúth le FETAC agus le páirtithe gnó, pobail agus san oideachas áitiúil chun a dheimhniú go mbeidh toradh fónta ann do na geallsealbhóirí go léir.



# Scoil Ghnó & Staidéar Sóisialta

Deineann An Scoil Ghnó & Staidéar Sóisialta cláir a sheachadadh sa Cheardaíocht, Ardteastas, Gnáthleibhéal Céime agus Onóracha. Tá roinnt mac léinn iarchéime sa Scoil a bhfuil ardchéimeanna ar siúl acu trí thaighde. Leagtar béim mhór i ngach clár ar nua-theicneolaíochtaí eolais.

Cuimsítear trí roinn sa Scoil Ghnó:

**Gnó & Daonnachtaí**
**Gnó & Faisnéisíocht**
**Lónadóireacht Óstáin & Turasóireacht**

**Cúrsaí Nua:**
Baitsiléir i nGnó Ealaíona Cócaireachta
Baitsiléir Gnó sa Bhainistíocht
Baitsiléir Ealaíona (Onór) Cúram agus Oideachas Luath Óige
Baitsiléir Gnó (Onór) sa Turasóireacht
Baitsiléir Gnó (Onór) sa Turasóireacht & i dTeangacha

**Cúrsaí atáthar a fhorbairt:**
Ardteastas i mBainistíocht Mhiondíola
Máistreacht i Riarachán Gnó
Ardteastas Ealaíona i Staidéar Pobail

Leanadh den bpleanáil do Chomhdháil AEHT (Sceidealaithe do Shamhain 2006).



Ghlac an Institiúid páirt i bhFoireann Ghníomhaíocht Fiontar Chiarraí (KEAT) mar mhaithe le fiontraíocht a fhorbairt agus a chur chun cinn sa chontae.

| | |
|---|---|
| **Ceann na Scoile:** | Brian O'Connor, Uas. |
| **Ceann na Roinne (Gnó & Daonnachtaí)** | Pat McGarty, Uas. |
| **Ceann na Roinne (Gnó & Faisnéisíocht)** | Kay Fitzgerald, Uas. |
| **Ceann na Roinne (Lónadóireacht Óstáin & Turasóireacht)** | Mary Rose Stafford, Uas. |

# Scoil Innealtóireachta agus Foirgníochta

Soláthraíonn an Scoil réimse leathan de chláir Ardteastais, Gnáthleibhéil agus Onóracha. Féadfaidh mic léinn céimeanna a bhaint amach i Máistir Innealtóireachta iarchéime trí mheán an taighde.

Soláthraítear Céim 4 agus Céim 6 de na modúil printíseachta i Meicníocht na Talmhaíochta agus na Cearpantóireachta & Siúneireachta.

Cuimsítear dhá Roinn sa Scoil Innealtóireachta agus Staidéar Foirgníochta:

- Innealtóireacht Talmhaíochta agus Déantúsaíochta
- Innealtóireacht Shibhialta agus Foirgníochta

Soláthraíonn an Scoil cúrsaí éagsúla sa Staidéar Foirgníochta, Sibhialta, san Innealtóireacht Talmhaíochta agus Déantúsaíochta.
Leagann an cumasc idir an teoiric agus an phraitic i gcláir na Scoile bonn láidir síos chun slí bheatha fónta a bhaint amach san Innealtóireacht nó sa bhFoirgníocht.

Tá conairí dul chun cinn ann laistigh den Scoil ón Ardteastas ar aghaidh go dtí leibhéal na hiarchéime.

Tá ball fóirne amháin ceaptha ag an Scoil mar Oifigeach Faofa Réamhfhoghlama. Oibríonn an t-oifigeach sin i gcomhar leis na boird a riarann cúrsaí na Scoile agus le Comhairle Acadúil na hInstitiúide d'fhonn go bhféadfadh iarratasóirí neamhchaighdeánacha creidiúint a fháil d'fhoghlaim roimhe sin ar chláir na Scoile.

Tá naisc láidre gaibhnithe ag an Institiúid agus ag an Scoil Innealtóireachta le lucht tionsclaíochta. Forbraíodh gach cúrsa dálta Bhainistíocht Áiseanna, Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach agus Beachtinnealtóireacht san Institiúid i bhfianaise shainriachtanais na tionsclaíochta.

Áirítear na nithe seo a lenas i saotharlanna na hInstitiúide:


• Saotharlanna Oiliúna Ríomhbhunaithe
• Saotharlanna sa Dearadh Ríomhchuidithe
• Ceardlanna san Innealtóireacht Talmhaíochta
• Saotharlann Struchtúr
• Saotharlann i dTástáil Asfailt & Coincréite
• Saotharlann i dTástáil Ithreacha
• Saotharlann Lachtanna
• Saotharlann san Innealtóireacht Eolaíochta
• Saotharlann i Srianú Próisis
• Saotharlanna Ríomhaireachta
• Saotharlanna agus Ceardlanna in Innealtóireacht Leictreonach
• Ceardlann san Innealtóireacht Mheicniúil

Táthar tar éis acmhainní i dtrealamh a chur le chéile thairis na mblianta sa Scoil, a mhaoinigh an rialtas tríd an deontas athfhillte agus trí threalamh a dheonaigh lucht tionsclaíochta. Mar thoradh ar an dtrealamh seo a deonaíodh is féidir leis an Scoil cúrsaí a chur ar fáil nach bhféadfaí a dhéanamh dá cheal.



Ábhar imní dóibh siúd sa scoil Innealtóireachta go bhfuil laghdú de 83% i líon na mac léinn sna cúrsaí atá bainteach le déantúsaíocht lena n-áirítear innealtóireacht mheicniúil agus sna cúrsaí leictreonacha nuair a chuirtear líon na mac léinn a d'fhreastail ar na cúrsaí seo i gcomparáid le líon na mac léinn i Meán Fómhair 1998, bíodh go bhfuil líon na mac léinn san innealtóireacht shibhialta agus i staidéar foirgníochta slán go dtí seo.

*Léirítear an laghdú sin i líon na mac léinn sna cúrsaí déantúsaíochta sa chairt seo.*




**Tábla 1: Laghdú ar Líon na Mac Léinn sna cúrsaí déantúsaíochta in Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí 1998-2005**

Tá laghdú de 83% i líon na mac léinn a roghnaigh cúrsaí san innealtóireacht déantúsaíochta in Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí 2005 i gcomórta leis an líon a earcaíodh i 1998. Chuir an laghdú sin i líon na mac léinn iachall ar an Scoil roinnt cúrsaí san innealtóireacht déantúsaíochta a iamh. Má leanann an laghdú sin i líon na mac léinn atá ag cur isteach ar innealtóireacht déantúsaíochta laghdófar a thuilleadh ar líon na gcúrsaí sin a bheidh ar fáil.

Ábhar imní don Scoil go bhfuil líon na mac léinn trí chéile atá ag cur isteach ar chúrsaí san innealtóireacht déantúsaíochta ag laghdú i gcónaí agus an deasca a d'fhéadfadh a bheith aigesin ar thionscal an déantúsaíochta sa bhfadtéarma.

**Ceann Scoil na hInnealtóireachta:**
Kevin Lynch
**Ceann na Roinne: Innealtóireacht Shibhialta & Foirgníocht:**
John Murphy

# Scoil Eolaíochta agus Ríomhaireachta

Cuireann an Scoil Eolaíochta agus Ríomhaireachta raon leathan cúrsaí ar fáil ón Ardteastas go dtí leibhéal na Máistreachta. Bhí an chéad inghlacadh mic léinn sa Scoil don gcúrsa B.Eol(Onór) i Ríomhaireacht le Forbairt Cluichí. Deineadh na cúrsaí seo leanas a bhailíochtú i 2005/2006:

• Ard-dioplóma in Eolaíocht an Altranais
• MSc san Altranas

Laghdaigh líon na mac léinn 1.3% ón mbliain roimis sin go dtí 1,207 (áirítear 353 mac léinn páirtaimseartha sa mhéid sin).

Cuimsítear ceithre Roinn sa Scoil Eolaíochta agus Ríomhaireachta:

• Ríomhaireacht & Matamaitic
• Eolaíochtaí i gCeimiceáin & sa Bheatha
• Staidéar Sláinte & Fóillíochta
• Staidéar san Altranas agus sa Chúram Sláinte

Tá an Scoil Eolaíochta & Ríomhaireachta an-ghníomhach i réimse an taighde agus tá iliomad nasc comhoibrithe aici le lucht tionsclaíochta.
Faoi láthair tá 63 mac léinn cláraithe do staidéar iarchéime. Déantar cúig Réimse de Thaighde Straitéiseach (SRAs) a bhainistiú ó laistigh den scoil. Seo iad:



• Teicneolaíochtaí i mbéal a dtagtha amach: Raidió & Soghluaisteacht
• É-Fhoghlaim & Oideachas
• Staidéar Sláinte & Fóillíochta (Observatoire i gcomhair Spóirt i gcomhpáirtíocht leis an ISC, NCTC, ILAM na hÉireann, REF agus DAST)
• Acmhainní Nádúrtha & Bainistíocht ar an gComhshaol
• Altranas, Sláinte & Cúram Sláinte (a bunaíodh déanach sa bhliain acadúil)

B'é IT Trá Lí an chéad institiúid idirnáisiúnta ar bronnadh an dámhachtain WebCT Digital Content Leader uirthi. Áiríodh gach coláiste ar fud na cruinne a úsáideannWebCT don dámhachtain seo agus measadh gur mhór an mhaise don Institiúid é.

Sealbhaíodh €40k i maoiniú i gcomhair Comhpháirtíocht Nuálaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann le Bitheolaíocht Chiarraí.

Fuarthas €30k i maoiniú ón gComhpháirtíocht Éire-Talamh an Éisc i gcomhair forbairtí a bhaineann leis an MSc i dTeicneolaíochtaí Oideachais.

Fuarthas €50k i maoiniú ón Údarás Ardoideachais faoin Stór Náisiúnta um Fhoghlaim Dhigiteach.

Fuarthas €50k i maoiniú i gcomhair taighde ar Chinnteoireacht Chliniciúil /Clinical Decision Making ón NMPDU.

Fuarthas €48k i maoiniú i gcomhair tograí taighde éagsúla sa Ríomhaireacht.

Áirítear iad seo leanas sa chineál oibre a ghabhann an SRA lena ais:
• Togra i Neamhoird Fola de chuid RFID le hOspidéal Bhaile Átha Cliath
• Bainistiú Sóchmhainní de chuid RFID le Roinn an Altranais
• Líon na dtograí fochéime agus múinte atá RFID-bhunaithe
• Páirt á glacadh i dtogra é-fhoghlama Atlantis le FH Darmstadt agus 20 coláiste comhpháirtíochta bainteach leis (6ú Creatlach an AE)

| | |
|---|---|
| **Ceann na Scoile:** | Seamus O'Shea, Uas. |
| **Ceann na Roinne: Eolaíochtaí i gCeimiceáin & sa Bheatha:** | An Dr. Noel Mulligan (Pat Flanagan ó Aibreán 2006) |
| **Ceann na Roinne: Staidéar Sláinte & Fóillíochta :** | **An** Dr. Noel Mulligan (Pat Flanagan ó Aibreán 2006) |
| **Ceann na Roinne: Ríomhaireacht & Matamaitic:** | Deirdre Lillis, Uas. |
| **Ceann na Roinne: Staidéar san Altranas & i gCúram Sláinte:** | An Dr. Gary Brown |

# Cláir

Soláthraíonn IT Trá Lí réimse clár atá lánaimseartha i Staidéar Gnó & Pobail, Innealtóireacht & Staidéar Foirgníochta, agus Eolaíocht & Ríomhaireacht. Tá Údarás Tarmligthe ag an Instítiúid ón gComhairle Ardoideachais & Dámhachtainí Oiliúna na Comhairle chun dámhachtainí a bhronnadh ag leibhéal 6,7, 8 agus 9 (clair múinte) den Chreatlach Naisiúnta um Cháilíochtaí.

**Scoil Ghnó & Daonnachtaí:**
Ardteastas i Staidéar Ardghnó
Ardteastas sa Ghnó & i dTeangacha (Fraincis)
Ardteastas sa Ghnó & i dTeangacha (Gearmáinis)
Ardteastas i Staidéar Gnó
Ardteastas sa Ghnó i gCórais Fhaisnéise Oifige
Bunteastas sa Ghnó & i Staidéar Pobail

Baitsiléir i nGnó na Turasóireachta
Baitsiléir i nGnó na Turasóireachta agus i dTeangacha
Baitsiléir sa Ghnó in Ealaíon na Cócaireachta
Baitsiléir sa Ghnó

Baitsiléir sa Ghnó i nGnó Idirnáisiúnta
Baitsiléir Ealaíona i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Ealaíona i Staidéar Pobail
Baitsiléir Ealaíona i gCórais Fhaisnéise a Bhainistiú



Baitsiléir sa Ghnó (Onór)
Baitsiléir sa Ghnó (Onór) san é-Ghnó
Baitsiléir Ealaíona (Onór) i gCórais Fhaisnéise a Bhainistiú
Baitsiléir (Onór) i gCúram agus Oideachas na Luath Óige
Baitsiléir Ealaíona (Onór) i Staidéar Amharclannaíocht Tíre
Baitsiléir (Onór) i mBainistiú Fáilteachais
Baitsiléir Ealaíona (Onór) i mBainistiú Óstán
Baitsiléir Ealaíona (Onór) i Mórmheáin Idirghníomhacha
Baitsiléir Ealaíona (Onór) i Staidéar Feidhmeach Sóisialta i gCúram Sóisialta
Baitsiléir (Onór) sa Turasóireacht (Onór)
Baitsiléir sa Ghnó (Onór) i dTurasóireacht agus i dTeangacha
Ard-dioplóma Ealaíona i dTeagasc Teangacha sa Bhunscoil maraon le hOideachas d'Aosaigh

Teastas Náisiúnta i Seirbhís Beáir
Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Phroifisiúnta
Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Phroifisiúnta scaoileadh lae
Teastas Náisiúnta sa Turasóireacht maraon le Gnó
Teastas Náisiúnta i Scileanna Fáilteachais

**Cláir Iarchéime**

Máistreacht trí Thaighde
PhD trí Thaighde

**Scoil na hInnealtóireachta:**
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta
Ardteastas san Eolaíocht i bhFoirgníocht
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Talmhaíochta
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht na Déantúsaíochta
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Mheicniúil

Cearpantóireacht FÁS & Siúineireacht Céim 4
Cearpantóireacht FÁS & Siúinéireacht Céim 6
Meicníocht Talmhaíochta FÁS Céim 4
Meicníocht Talmhaíochta FÁS Céim 6

Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
Baitsileir Innealtóireachta in Innealtóireacht Leictreonach agus Mheicniúil

Baitsileir Eolaíochta i bhFoirgníocht
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Táirgeachta
Baitsiléir Innealtóireachta i mBainistiú ar Innealtóireacht Talmhaíochta

Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistiú ar Innealtóireacht Talmhaíochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistiú Saoráidí
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistiú Foirgníochta

Máistreacht trí Thaighde
PhD trí Thaighde

**Scoil na hEolaíochta**
Ardteastas san Eolaíocht i Ríomhaireacht maraon le Forbairt Bogearraí
Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach
Ardteastas san Eolaíocht sa Cheimic Fheidhmeach
Ardteastas san Eolaíocht Sláinte & i Staidéar Fóillíochta
Ardteastas sa Ríomhaireacht i dTacaíocht do Theicneolaíocht an Eolais

Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht maraon le Forbairt Bogearraí
Baitsiléir Eolaíochta in Anailís na hEolaíochta
Baitsiléir in Eolaíocht Sláinte agus Staideir Fóillíochta
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i dTacaíocht don Teicneolaíocht Faisnéise

Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht maraon le Forbairt Bogearraí
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht le hIlmheáin
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht le Staidéar Fiontraíochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht le Forbairt Idirlín
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Altranas san Altranas Ginearálta
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Altranas san Altranas Síciatrach
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Eolaíocht Anailíseach le Forbairt Tairge/Próisis
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i Sláinte, i gCorpacmhainne agus i Staidéar Fóillíochta

Máistreacht & PhD trí thaighde

Dioplóma Céime sa Ríomhaireacht san Oideachas
Máistreacht Eolaíochta sa Ríomhaireacht san Oideachas
Máistreacht Ealaíona in Ardsláinte & Staidéar i gCúram Sóisialta





# Scrúdaitheoirí Seachtracha

Ceapann an NCEA scrúdaitheoirí seachtracha d'fhonn rialú a chinntiú i gcaighdeáin na scrúduithe go ndeineann an Chomhairle eadrán orthu. Is féidir scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh i ndáil le clár ina iomláine nó i ndáil le hábhair ar leithligh.

Is iad feidhmeanna an scrúdaitheora sheachtraigh ná:

- Deimhin a dhéanamh go gcuirfear na caighdeáin chuí i bhfeidhm
- Deimhin a dhéanamh go mbeidh caighdeáin chomparáideacha idir institiúidí
- Dréachtaí na scrúdpháipéar go léir, na bhfreagraí eiseamláireacha agus na scéimeanna marcála a bhreathnú, agus ceartúcháin, athbhreithnithe, leasaithe etc a dhéanamh, fé mar is cuí leo iad
- Breith a thabhairt ar chuibheas an mharcála, ag gach leibhéal den chlasú, den ábhar scrúdaithe a chuirtear fé bhráid na n-iarratasóirí
- Cuairt a thabhairt ar an Institiúid uair amháin gach bliain acadúil

D'oibrigh siad seo leanas mar scrúdaitheoirí seachtracha don Institiúid sa bhliain acadúil 2005/2006.

**Scoil Ghnó & Staidéar Sóisialta**

| | |
|---|---|
| John Andy Bonar , Uas. | Baitsiléir Ealaíona (Gnáthchúrsa) Staidéar Pobail<br>Baitsiléir sa Ghnó<br>Baitsiléir sa Ghnó (Onór)<br>Baitsiléir Ealaíona i mBainistiú ar Chórais Fhaisnéise<br>Baitsiléir Ealaíona (Onór) i mBainistiú ar Chórais Fhaisnéise (Onór)<br>Baisiléir i nGnó na Turasóireachta<br>Baitsiléir sa Turasóireacht & i dTeangacha<br>Baitsiléir Ealaíona (Onór) i Mórmheáin Idirghníomhacha |
| Moragh Cannay, Uas. | Teastas Náisiúnta sa Turasóireacht le Gnó |
| Sean Connell, Uas. | Baitsiléir Ealaíona (Onór) i mBainistiú Fáilteachais |
| Gayle Cotter, Uas. | Teastas Náisiúnta i Scileanna Fáilteachais<br>Teastas Náisiúnta i Seirbhís Beáir |
| An Dr. Francis Douglas | Baitsiléir Ealaíona (Onór) i gCúram agus Oideachas Luath na hÓige |
| Kevin Dundun, Uas. | Baitsiléir sa Ghnó in Ealaíona Cócaireachta |
| Larry Elwood , Uas. | Baitsiléir sa Ghnó<br>Baitsiléir sa Ghnó i nGnó Idirnáisiúnta<br>Baitsiléir sa Ghnó (Onór) |
| Mikael Fernstrom, Uas. | Baitsiléir Ealaíona i mBainistiú ar Chórais Fhaisnéise<br>Baitsiléir Ealaíona (Onór) i mBainistiú ar Chórais Fhaisnéise<br>Baitsiléir Ealaíona (Onór) i Mórmheáin Idirghníomhacha |
| An Dr. Pat Finnegan | Baitsiléir Ealaíona i mBainistiú ar Chórais Fhaisnéise<br>Baitsiléir Ealaíona (Onór) i mBainistiú ar Chórais Fhaisnéise<br>Baitsileir sa Ghnó (Onór) sa Ghnó Leictreonach |
| Declan Fleming, Uas. | Bunteastas sa Ghnó & i Staidéar Pobail<br>Ardteastas sa Ghnó (Ardghnó)<br>Ardteastas sa Ghnó<br>Ardteastas sa Ghnó le Fraincis<br>Ardteastas sa Ghnó le Gearmáinis<br>Baitsiléir sa Ghnó<br>Ardteastas sa Ghnó i gCórais Fhaisnéise Oifige<br>Baitsiléir Ealaíona i mBainistiú ar Chórais Fhaisnéise<br>Baitsiléir Ealaíona (Onór) i mBainistiú ar Chórais Fhaisnéise |

| | |
|---|---|
| Karen Gardiner, Uas. | Baitsiléir i nGnó na Turasóireachta<br>Baitsiléir i nGnó na Turasóireachta agus i dTeangacha |
| Ruth Harris, Uas. | Ard-Dioplóma Ealaíona i dTeagasc Teangacha i mBunscoileanna le hOideachas d'Aosaigh |
| Lucy Horan, Uas. | Baitsiléir Ealaíona (Onór) i mBainistíocht Óstáin |
| James G Long, Uas. | Ardteastas sa Ghnó (Ardghnó)<br>Ardteastas sa Ghnó<br>Baitsiléir sa Ghnó (Onór) |
| An Dr. Niall McElwee | Baitsiléir Ealaíona i Staidéar Feidhmeach Sóisialta i gCúram Sóisialta<br>Baitsiléir Ealaíona (Onór) i Staidéar Feidhmeach Sóisialta i gCúram Sóisialta |
| An Dr. Maire Mhic Mhathuna | Baitsiléir Ealaíona (Onór) i gCúram agus Oideachas Luath na hÓige |
| Tony Ó Dalaigh, Uas. | Baitsiléir Ealaíona (Onór) i Staidéar Amharclannaíochta Tíre |
| Helen O'Doherty, Uas. | Baitsiléir Ealaíona (Onór) in Ilmheáin Idirghníomhacha |
| Donnacha O'Donoghue, Uas. | Baitsiléir i nGnó na Turasóireachta<br>Baitsiléir i nGnó na Turasóireachta agus i dTeangacha |
| Gerard O'Donovan, Uas. | Bunteastas sa Ghnó & i Staidéar Pobail<br>Ardteastas sa Ghnó i gCórais Fhaisnéise Oifige<br>Baitsiléir Ealaíona i mBainistiú ar Chórais Fhaisnéise<br>Baitsiléir Ealaíona (Onór) i mBainistiú ar Chórais Fhaisnéise<br>Baitsileir sa Ghnó (Onór)<br>Baitsiléir sa Ghnó (Onór) i nGnó Leictreonach |
| John O'Hara, Uas. | Baitsiléir Ealaíona in Ealaíona Cócaireachta |
| Eileen O'Neill, Uas. | Baitsiléir Ealaíona i Staidéar Feidhmeach Sóisialta i gCúram Sóisialta<br>Baitsiléir Ealaíona (Onór) i Staidéar Feidhmeach Sóisialta i gCúram Sóisialta |
| An Dr. Mary O'Neill | Baitsiléir Ealaíona (Onór) i Staidéar Amharclannaíochta Tíre |
| Mary Reid, Uas. | Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Phroifisiúnta<br>Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Phroifisiúnta scaoileadh lae |



**Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta**

| | |
|---|---|
| An Dr. Ali Ansari | Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach<br>Ardteastas san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach |
| An Dr. James J Brennan | Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach<br>Ardteastas san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach<br>Baitsileir Eolaíochta (Onór) san Eolaíocht Anailíseach le Forbairt Táirge/Próisis |
| Séamus Cowman, Uas. | Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Altranas Ginearálta<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Altranas Síciatrach |
| Eamonn De Leastar, Uas. | Máistreacht Eolaíochta sa Ríomhaireacht |
| An Dr. Hugh Gibbons | Dioplóma Céime sa Ríomhaireacht san Oideachas<br>Máistreacht Eolaíochta sa Ríomhaireacht san Oideachas |
| An Dr. Deirdre Gilroy | Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach |

| | |
|---|---|
| | Ardteastas san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach<br>Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Anailíseach<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Eolaíocht Anailíseach le Forbairt Táirge/Próisis |
| Paula Holt, Uas. | MA in Ardsláinte agus i Staidéar i gCúram Sóisialta |
| Jean Hughes, Uas. | Ardteastas san Eolaíocht sa Ríomahireacht<br>Ardteastas sa Ríomhaireacht i dTacaíocht don Teicneolaíocht Fhaisnéise<br>Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht le Staidéar Fiontraíochta<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht le Forbairt Idirlín<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht le hIlmheáin<br>Máistreacht Eolaíochta sa Ríomhaireacht |
| Teresa Hurley, Uas. | Ardteastas san Eolaíocht i Staidéar Sláinte & Fóillíochta<br>Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta |
| Pauline Jordan, Uas. | Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i Staidéar Sláinte, Corpacmhainne agus Fóillíochta |
| Thomas Kearns, Uas. | Baitsiléir Eolaíochta san Altranas (ACCS)<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Altranas (ACCS)<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Altranas Ginearálta<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Altranas Síciatrach |
| Margaret McCarthy, Uas. | Baitsiléir Eolaíochta san Altranas (ACCS)<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Altranas (ACCS)<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Altranas Ginearálta<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Altranas Síciatrach |
| An Dr. John Mulvihill | Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach<br>Ardteastas san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach<br>Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Anailíseach<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Eolaíocht Anailíseach le Forbairt Táirge/Próisis |
| An Dr. R.H. Morgan | Máistreacht Eolaíochta sa Ríomhaireacht |
| Catherine Murphy, Uas. | Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i Staidéar Sláinte, Corpacmhainne agus Fóillíochta |
| Humphrey Murphy, Uas. | Ardteastas san Eolaíocht i Staidéar Sláinte & Fóillíochta<br>Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta |
| Patrick O'Connor, Uas. | Ardteastas san Eolaíocht sa Ríomhaireacht<br>Ardteastas sa Ríomhaireacht i dTacaíocht do Theicneolaíocht an Eolais<br>Baitsileir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht le Staidéar sa bhFiontraíocht |
| An tOll. Richard O'Kennedy | Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach<br>Ardteastas san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach<br>Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Anailíseach<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Eolaíocht Anailíseach le Forbairt Táirge/Próisis |
| Ted Parslow, Uas. | Ardteastas san Eolaíocht sa Ríomhaireacht<br>Ardteastas sa Ríomhaireacht i dTacaíocht do Theicneolaíocht an Eolais<br>Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht le Forbairt Fiontraíochta<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht le Teicneolaíocht Shoghluaiste<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) sa Ríomhaireacht le hIlmheáin |

| | |
|---|---|
| John Sweeney, Uas. | Baitsiléir Eolaíochta (Onór) san Altranas (ACCS)<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Altranas Síciatrach |

## Scoil na hInnealtóireachta

| | |
|---|---|
| Paul Campbell, Uas. | Ardteastas in Eolaíocht i Staidéar Foirgníochta<br>Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta |
| Malcolm Carr West, Uas. | Ardteastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Talmhaíochta<br>Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta |
| Liam Costello, Uas. | Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistiú ar Innealtóireacht Déantúsaíochta |
| An Dr. John Donovan | Ardteastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Déantúsaíochta<br>Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Leictreonach agus Mheicniúil |
| Maeve Fitzpatrick, Uas. | Ardteastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Mheicniúil<br>Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Táirgeachta |
| An Dr. Joe Gunning | Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistiú Foirgníochta |
| Dave Halloran, Uas. | Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistiú Áiseanna |
| Robert Hartle, Uas. | Ardteastas in Eolaíocht i Staidéar Foirgníochta<br>Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta |
| Raymond Kazmierczak, Uas. | Ardteastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Mheicniúil<br>Ardteastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Déantúsaíochta<br>Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Leictreonach agus Mheicniúil |
| Joesph Kindregan, Uas. | Ardteastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta<br>Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta |
| JJ Lenehan, Uas. | Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistiú ar Innealtóireacht Talmhaíochta |
| Ian James Loynes, Uas. | Ardteastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Talmhaíochta<br>Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta<br>Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistiú ar Innealtóireacht Talmhaíochta |
| An Dr. Tony Murray | Ardteastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta<br>Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta |
| Bernard Skelton, Uas. | Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistiú Áiseanna |






# Staidrimh maidir le Mic Léinn

**FILLEACHÁIN BHLIANTÚLA - FILLEACHÁIN MHAC LÉINN 2005/06**


| *Clárúcháin tríú leibhéal d'réir Dámhachtana* | | *Líon Iomlán* | *Céatadán* |
|---|---|---|---|
| Bonnchúrsa | | | |
| | Scoil an Staidéir Ghnó | 18 | 0.67% |
| Ardteastas | | | |
| | Scoil Ghnó & Daonnachtaí | 309 | 11.44% |
| | Scoil na hInnealtóireachta | 206 | 7.62% |
| | Scoil na hEolaíochta - Eolaíocht Bheatha & Fóillíocht | 175 | 6.48% |
| | Scoil na hEolaíochta - Ríomhaireacht | 53 | 1.96% |
| Gnáthchéim Náisiúnta | | | |
| | Scoil Ghnó & Daonnachtaí | 448 | 16.58% |
| | Scoil na hInnealtóireachta | 91 | 3.37% |
| | Scoil na hEolaíochta - Eolaíocht Bheatha & Fóillíocht | 66 | 2.44% |
| | Scoil na hEolaíochta - Ríomhaireacht | 31 | 1.15% |
| Cúrsaí Céime | | 314 | 11.62% |
| | Scoil Ghnó & Daonnachtaí | 69 | 2.55% |
| | Scoil na hInnealtóireachta | 83 | 3.07% |
| | Scoil na hEolaíochta - Eolaíocht Bheatha & Fóillíocht | 91 | 3.37% |
| | Scoil na hEolaíochta - Ríomhaireacht | 311 | 11.51% |
| | Scoil an Altranais | | |
| Iarchéimithe | | | |
| | Scoil Ghnó & Daonnachta | 4 | 0.15% |
| | Scoil na hInnealtóireachta | 1 | 0.04% |
| | Scoil na hEolaíochta - Ríomhaireacht | 6 | 0.22% |
| | Scoil na hEolaíochta - Eolaíocht Bheatha & Fóillíocht | 4 | 0.15% |
| Printíseachtaí | | 422 | 15.62% |
| **IOMLÁN NA hINSTITIÚIDE:** | | **2,702** | **100%** |




Bunús Mac léinn Tríú Leibhéil de réir dúchais



## Clarúcháin tríú leibhéil, Fireannaigh





## Clarúcháin tríú leibhéil, Bainneanaigh







## Clarúcháin tríú leibhéil de réir disciplín




## Cúlra soch-eacnamaíoch na Mac léinn tríú leibhéil (iontrálaithe nua amháin)



# Oifig Sheirbhísí na Mac Léinn

Athbhreithníonn Oifig Sheirbhísí na Mac Léinn éifeachtacht agus éifeachtúlacht a cuid oibríochtaí go rialta d'fhonn na cleachtais is fearr a ghnóthú agus a seirbhísí á seachadadh acu do réimse mac léinn ilchineálach.

I rith 2005/2006 chuir méid na bhforbairtí breise leis an ngatar le seirbhísí do mhic léinn a thagarmharc mar chuid den athbhreithniú struchtúrtha a bhíonn ar siúl i gcónaí ar pholasaithe agus nósanna imeachta. Bhí tionchar ag an reachtaíocht nuashonraithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, ar Chomhionannas agus ar Mhíchumas, ar chlár na PMDS, ar mholtaí fé Mhodúlú, ar athbhreithniú Chlár Rochtana an HEA fé láthair agus tionscnaimh um Straitéis an Chiste Nuálaíochta go léir ar obair Oifig na Seirbhísí do Mhic Léinn agus ar na seirbhísí a soláthraíodh do mhic léinn a thagann i dtír ar na seirbhísí sin.

Deimhníonn iniúchadh an AE a deineadh ar an gCiste um Míchumas agus Chúnamh do Mhic Léinn i mí Lúnasa ár ngealltanas maidir le seirbhísí ardcháilíochta a sheachadadh do na mic léinn agus sin ag cloí le litir agus le spiorad na bhforálacha seo na dtionscnamh fónta seo is eile. Agus páirceanna imeartha le saoráidí do sheomraí feistis a mbunú, maraon le dul chun cinn breise i dtogra an Crèche, agus soláthar don spás riaracháin i Leabharlann nua an Champais Thuaidh, tá lánmhuinín againn go gcuirfidh na seirbhísí le heispéaras na mac léinn sa champas, ní a choinneoidh na mic léinn agus a chuideoidh leo an cúrsa a chríochnú.

### Oifig Rochtana

Chláraigh 67 mac léinn atá fé mhíchumas, agus fuair 12 acu maoiniú €52k ó Chiste an ESF. Leithdháileadh €20k ón gCaipitíocht chun tacú le mic léinn fé mhíchumas. Tá ag éirí go diail le clár saorála de chuid na mac léinn 'Ionadaithe Fé Mhíchumas'. Dhein an t-athbhreithniú ar Rochtain an HEA soláthar d'aischothú ó gheallsealbhóirí seachtracha ar pholasaithe agus ar sheirbhísí na hITT maidir le míchumas. Tá ana-thairbhe á baint as an gclár breise 'Cúrsa Insealbhaithe na Mac Léinn Lánfhásta', go háirithe, agus 149 mac léinn lánfhásta chéad bhliana ag clárú i 2005/06. Beidh an próiseas comhairleoireachta áitiúil mar chuid den athbhhreithniú ar Chlár Rochtana an HEA ag oiliúint straitéisí na hITT chun mic léinn lánfhásta breise a mhealladh agus a choinneáil. Soláthróidh an Ciste Straitéiseach Nuálaíochta acmhainní chun tionscnaimh nua agus atá ann i gcónaí a fhorbairt a thuilleadh chun mic léinn breise a mhealladh agus a choinneáil ó na spriocghrúpaí ainmnithe. Fuair 160 mac léinn cuidiú de €108k ó Choiste um Chúnamh Mac Léinn, móide €25k de mhaoiniú Caipitíochta, méadú de 18 thar 2004/2005. Tá méadú de 88 i líon na mac léinn ar Chlár Rochtain Shlí Bheatha Pathfinders agus raghaidh deontais ón nGréasán Rochtain Chiarraí chun tairbhe dóibh chun comhordaitheoir togra a cheapadh. D'fhreastail an clár 'Sports 4 Success' sna Scoileanna Náisiúnta ar 45 dalta.



### Ionad Sláinte

Dhéileáil an tAltra/Dochtúir le 2,362 cuairt ó dhaltaí ar an Ionad Sláinte ina n-iomláine agus thug mic léinn 351 de chuairteanna breise ar chlinic an Dóchtúra féin. Leithdháileadh dochtúir baineann ar an Institiúid chun déileáil le líon ard de chuairteanna ó mhic léinn baineannacha - 1730 ar fad. Bhain fadhbanna sláinte ón dtaobh fisiciúil, síciatrach nó síceolaíoch i measc na mac léinn lena stíl bheatha, go háirithe, le saincheisteanna pearsanta, le corrabhuais agus le gortaithe a bhain dóibh ina gcuid staidéar/cúrsaí. Reáchtáladh Clinicí Sláinte agus imeachtaí chun sláinte a chur chun cinn i rith na bliana. Tá deacrachtaí níos mó anois ann maidir le déileáil le héigeandálaí míochaine de bharr campas deighilte a bheith ann.

### Comhairleoireacht

Mhéadaigh ar líon na mac léinn a tagraíodh don tseirbhís Chomhairleoireachta go dtí 109 (74F/35M), ó 74 i 2004/2005, agus 662 seisiún comhairleoireachta á dtairiscint mar thoradh air sin. As measc an 109 sin, bhí 45 sa 2 Bliain, 22 san 1ú Bliain, 18 sa 3ú Bliain agus an 14 eile idir an 4ú agus an 5ú Bliain, iarchéimeanna agus printíseachtaí.
Rangaíodh mar neamh-thraidisiúnta níos mó ná 40%, geall leis, díobh siúd a chuaigh fe chomhairleoireacht (mic léinn nár scor den scolaíocht) agus mic léinn lánfhásta ab ea 15% acu, geall leis. Bíodh go raibh idir 1 agus 27 de choinní déanta, b'é líon meánach na gcoinní in aghaidh an mhic léinn ná 6.5. Is mar gheall ar shaincheisteanna acadúla, neirbhís, caidrimh phearsanta, neamhthaithí ar an tríú Leibhéal agus an galar dubhach féin is mó a chuaigh mic léinn ó ITT fé chomhairleoireacht d'réir chatagóiriú atreoirithe an IAUCC.

### Séiplíneacht

Bhí téarmaí tagartha leathan na Séiplíneachta in ITT ana-shoiléir le feiscint sa Bhliain Acadúil 2005/2006, agus áirítear orthu sin Spioradáltacht, Cúram Tréadach, Lóistín na Mac Léinn, Spóirt/Cumainn, Carthannais, agus Airgeadas na Mac Léinn. Ón uair gur éirigh chomh maith sin le Foireann um Thacaíocht Thréadach do Mhic Léinn agus gur bunaíodh foireann um Thacaíocht Thréadach do bhaill Foirne, is mó go mór a chuaigh siad chun sochair do phobal an champais. Sholáthair tinreamh ar shochraidí maraon le seirbhísí paidreoireachta tacaíocht thábhachtach do mhic léinn, don bhfoireann agus dá gclainn in uair na hanachana. Tugadh isteach seirbhísí lóistín ar-líne agus soláthraíodh seastáin in ionaid ilfhreastail ar an dá champas do mhic léinn agus do thuistí. D'oibrigh an tSéiplíneacht go dlúth le Clubanna/Cumainn chun deiseanna tábhachtacha sóisialta a chur ar fáil do mhic léinn. Chuaigh an bhreis is 11.5k a bailíodh de bharr deathoil agus iarrachtaí na mac léinn agus na foirne chun sochair do charthanais áitiúla agus sa 3ú Domhan. Bhain breis is 100 mac léinn earraíocht as €31k (glan) de chúnamh ón gCiste Carthannachta do Mhic Léinn.

### Gairmeacha Beatha

Bhí deis ann gairmeacha beatha/seirbhísí fostaíochta do mhic léinn agus do chéimithe a athbhreithniú agus a fhorbairt a

thuilleadh i margadh fostaíochta atá ag dul chun iomaíochta i gcónaí nuair a ceapadh Oifigeach Ghairmeacha Beatha go buan. Leagadh béim ar chaidrimh ghnó/thionsclaíochta níos mó, ar ábhar feabhsaithe poiblíochta agus litríochta, ar Aonach Ghairmeacha Beatha ar an gcampas in ITT agus nasc níos láidre le Lucht Bainistíochta Acadúil agus le Baill Foirne maidir le gairm bheatha agus le riachtanais bhreise staidéir do mhic léinn agus do chéimithe. Moladh cur chuige níos struchtúrtha i leith shuirbhéanna na gcéimithe d'fhonn soláthar seirbhísí níos fearr a dhéanamh, maraon le bainistiú eolais agus forbairt na gcúrsaí. D'éirigh go hiontach leis an gcéad aonach ghairmeacha beatha sa Champas Thuaidh, mar a raibh
26 taispeántóir, cumainn phroifisiúnta, méid áirithe léachtaí/láithreoireachtaí agus aischothú ana-dhearfa ó mhic léinn, ón bhfoireann agus ó thaispeántóirí.

### Tacaíocht don Disléicse

Thacaigh an tseirbhís le 74 mac léinn ar fad a raibh disléicse, difríocht nó deacracht fhoghlama i rith 2005/2006 ag cur orthu, agus disléicse ag cur ar 48 acu agus 22 ar fad sa chéad bhliain.Tá líon níos mó de mhic léinn lánfhásta (17) curtha san áireamh anseo leis. 30 mac léinn leanúnach agus 12 a bhí sa chéad bhliain a fuair maoiniú ón ESF maidir le Míchumas. Cuireadh maoiniú caipitíochta ar fáil do 13 mhac léinn breise chun maoiniú an ESF a fhorlíonadh. D'úsáid 33 mac léinn Teicneolaíocht chúntach agus tá rochtain ag mic léinn ar sheomraí acmhainní dóibh siúd fé mhíchumas ar an dá champas. Ón uair nach ndearnadh ach 2 mheasúnú Sícea-oideachasúla go hinmheánach de bharr shaincheisteanna acmhainní, cuireadh socraithe i dtoll a chéile chun na measúnuithe sin a chur ar isteach is amach ar 5 as 12 mhac léinn go seachtrach tríd an nGréasán Náisiúnta Foghlama, bíodh go gcuireann sé sin costas mór ar ITT. Is réamhriachtanais iad na measúnuithe sin chun maoiniú a fháil ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus go deimhin chun idirghabhálacha cuí a fhorfheidhmiú.

### Spórt

Chuir an Oifig Spóirt clár fíorchuimsitheach de spóirt iomaíocha agus fóillíochta ar fáil, in ainneoin a raibh d'fhadhbanna lóistíochúla a bhain leis an gcampas deighilte agus teirce áiseanna spóirt ar an láthair. Ach ón uair gur oscail an Taoiseach Mr. Bertie Ahern páirc imeartha sintéiseach uile-aimsire ag Oscailt Oifigiúil mí Eanáir maraon leis na pleananna chun áiseanna seomraí feistis a bheith ar fáil fé Mheán an Fhómhair, glactar leis go dtiocfaidh borradh níos mó fós ar fhorbairtí spóirt agus fóillíochta in ITT. Tá diminsiún tábhachtach fóillíochta agus sóisialta curtha ar fáil ag na hIonaid Chorpacmhainne/ Seomra Aclaíochta agus Aeróbaic i saol na mball foirne agus na mac léinn. Bronnadh scoláireachtaí Spóirt ITT ar 11 mhac léinn a chuimsíonn réimse leathan spóirt, agus tháinig 6 mac léinn i dtír ar Sparántachtaí ó CLG - Comhairle na Mumhan. Bronnadh Scoláireachtaí de chuid Kennedy Coaches agus Sparántacht ón CCIA ar 2 mhac léinn. Chuir Bál na gClubanna/ na gCumann agus Tráthnóna Dhámhachtainí na gCumann ag deireadh na bliana gnéithe níos éadroime agus níos foirmiúla leis an gclár. Ócáid mhór shóisialta agus ghairdis ab ea dámhachtainí Spóirt dheireadh na bliana, go deimhin, is a rá go raibh na hIománaithe Sinsir buacach sa Fitzgibbon Shield, gur éirigh le daoine ar leith sa Júdó agus sa Dornálaíocht agus gur roghnaíodh roinnt áirithe mac léinn ag leibhéal an chontae, na cúige, an náisiúin agus idirnáisiúnta.



### Na Cumainn

Gné shuaithinseach i bhforbairt agus i gcur chun cinn diminsiún sheach-churaclaim
agus shóisialta do mhic léinn ITT ab ea gur athbhunaíodh Oifigeach na gCumann. Ba léir an méid sin nuair a cuireadh cumainn nua ar an bhfód agus cinn a bhí ann cheana á n-athnuachtaint.
Mar thoradh ar Laethanta na gCumann ar an dá champas, Meán Fómhair seo caite, chuaigh na mic léinn i mbun ghníomhaíochtaí acadúla, sóisialta, cultúrtha, agus ealaíona ar an gampas is eile. Chuir tionscnaimh de chuid na gcumann mar atá gné-alt seachtainiúil 'College Life' sa Kerryman (Trá Lí), comórtas ceoil an IT Factor ar champas agus níos déanaí sa chraobh chomórtais i nGaillimh, bliain tionscnaimh na Tostmasters in ITT agus an Young Ags Society a mbíonn a lán daoine gafa leis i gcónaí - a raibh a fichiú bliain á comóradh acu - go mór le próifíl na mac léinn in ITT agus leis an Institiúid féin leis.

# Tuairisc ar Acmhainní Daonna

Bhí roinnt ball foirne ag ceiliúradh 25 bliain de sheirbhís don Institiúid ag comóradh taitneamhach do na baill foirne agus ardfhreastal air, Meitheamh 14, 2006.

Ba mhaith linn chomh maith aitheantas agus buíochas a thabhairt do thriúr ball foirne a scor ón obair sa Bhliain Acadúil 2005/2006.

Tionóladh na cúrsaí oiliúna i rith na bliana agus freastal maith orthu agus bhí an t-aischothú ó na cúrsaí ana-dhearfa:

- Láimhsiú de Láimh
- Oiliúint Iondúchtaithe do Bhaill Fóirne Nua
- Scileanna Oideolaíochta
- Scileanna Agallaimh (Bord Rialaithe)
- Scileanna Agallaimh do Bhainisteoirí
- Oiliúint Stiúidió Max 3D
- Seimineáir um Pleanáil don tSaol i Lár G
- Bunchúrsa sa Teanga Chomharthaíochta
- Bulaíocht & Géarleanúint



• Seimineáir Pleanála do Dhaoine atá ag Scor
• Strus á Bhainistiú
• Scileanna Éifeachúla sa Scríobh
• Am á Bhainistiú
• Scileanna i gCúram Cuistaiméara
• Tuairiscí Proifisiúnta a Scríobh

**Saoire Shabóideach**
D'éirigh le 2 bhall foirne ina n-iarratas ar shaoire shabóideach don mbliain 05/06.

**Saoire Scoilbhliana**
Tháinig 5 bhall foirne i dtír ar Shaoire Scoilbhliana i samhradh 2006.

**CBFG (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta)**
Cumasc de dhá phróiseas is ea CBFG - Bainistiú ar Fheidhmíocht agus Forbairt Foirne.
Sé atá i gceist le bainistiú feidhmíochta ná tosaíochtaí agus cuspóirí a chomhaontú maidir le seirbhís seachadtha níos fearr agus an dul chun cinn atáthar a dhéanamh a athbhreithniú go rialta i gcoinne na gcuspóirí sin atá leagtha amach.
Sé atá i gceist le próiseas um fhoireann a fhorbairt ná comhaontú ar riachtanais oiliúna agus forbartha idir fheidhmíocht na bpost atá ann fé láthair a fheabhsú agus cur leis an ionchas gairmréime.

Tacaíonn an comhaontú ar Dhul Chun Cinn a Choinneáil leis na cuspóirí sin, trí éileamh a dhéanamh ar gach eagras san earnáil phoiblí Córas Forbraíochta agus Bainistiú Feidhmíochta a fhorfheidhmiú fé 1 Eanáir 2005. Ordaíonn sé na nithe seo leanas:

• Tabharfaidh institiúidí isteach córas struchtúrtha i mbainistiú feidhmíochta agus forbraíochta a bheidh ag teacht le hearnáil an HEA chun a chinntiú go mbeidh feidhmíocht agus iarracht ar aon dul le haidhmeanna agus le straitéisí na heagraíochta. Sé a bheidh i gceist ná:



• Cuspóirí bliantúla a leagan amach agus a mbeidh comhaontú ón maoirseoir ábhartha leo

• An t-athbhreithniú bliantúil ar an dtoradh

• Riachtanais fhorbraíochta a aithint agus comhaontú a dheanamh ar chlár forbraíochta

• Seachadadh na mbeart forbraíochta atá comhaontaithe a athbhreithniú

Táthar i ndiaidh CBFG a leathnú amach go dtí gach aon Roinn fén dtaca seo.

# Tuairisc Airgeadais

Dhearbhaigh an tArd-Reachtaire & an tIniúchóir Ginearálta na ráitis airgeadais don mbliain dár críoch 31 Lúnasa 2006 ar an 29 Meitheamh 2007. Ullmhaítear na ráitis airgeadais, a bhfuil sleachta díobh leagtha amach anseo thíos, d'réir phrionsabail chuntais a nglactar go forleathan leo fé choinbhainsiún an chostais stairiúil (ach amháin sócmhainní áirithe a chuirtear san áireamh ag an luacháil) agus d'réir riachtanais an Aire Oideachais & Eolaíochta.

**Ioncam & Caiteachas**
Taispeánann torthaí na bliana go bhfuil farasbarr oibríochta de €294k, rud a chruthaíonn farasbarr carnach de €5,149k go dtí 31 Lúnasa 2006.
Thit ioncam na bliana seo 1.4% go dtí €29,745k, ar a n-áirítear deontais stáit de €17,386k agus táille theagaisc de €4,488k. Is é caiteachas na bliana seo €29,451k, ar a n-áirítear costais foirne de €21,098k. Leithdháileadh €1,568k ón deontas stáit athfhillteach chun caiteachas caipitiúil a mhaoiniú.

**Cuntas Caipitil**
Fuair an coláiste sócmhainní seasta de €3,636k in iomláine i rith na bliana. B'é muirear dímheasa na bliana ná €2,698k agus mhéadaigh glanluach na sócmhainní inláimhsithe ar an 31 Lúnasa 2006 go dtí €47,007k.

**Talamh & Foirgintí**
Tá sé i gceist ag an Oifig Luachála luacháil iomlán a dhéanamh ar Thailte & Foirgintí agus ar chríochnú dóibh déanfar na luachanna a dhearbhófar a ionchorprú sna ráitis airgeadais. Nó go dtiocfaidh toradh ar an mbeart sin, déanfar an talamh a luacháil ar náid agus déanfar na foirgintí a luacháil ar bhonn costais athsholáthair dímheasa. Deineadh sócmhainní seasta eile a bhí ann Eanáir 1993 a luacháil ar bhonn luacháil an mhargaidh oscailte chun iad a úsáid anois. Ráitear gach breis ina dhiaidh sin ar a costas féin.

# Tuairisc Airgeadais

***Cuntas ar Ioncam & ar Chaiteachas don mbliain dar críoch 31 Lúnasa 2006***

| | | 2006 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| | Deontas Stáit | 17,386 | 18,506 |
| | Aistriú ón gCuntas Caipitiúil | 2,698 | 3,056 |
| | Táillí Teagaisc | 4,488 | 4,063 |
| | Táillí Caipitíochta | 1,623 | 1,737 |
| | Taighde, Comhairleoireacht agus Forbairt | 537 | 420 |
| | Ioncam Úis | 98 | 52 |
| | Ioncam Eile | 2,915 | 2,332 |
| | | **29,745** | **30,166** |
| **Caiteachas** | | | |
| | Ranna Acadúla | 17,510 | 16,958 |
| | Seirbhísí Acadúla | 1,595 | 1,454 |
| | Foirgneamh | 2,170 | 1,927 |
| | Riarachán Láir agus Seirbhísí | 3,823 | 3,285 |
| | Áiseanna agus Saoráidí do Mhic Léinn | 591 | 682 |
| | Costais Ghinearálta Oideachais | 518 | 383 |
| | Taighde, Comhairleoireacht agus Dímheas Forbraíochta | 546 | 420 |
| | Dímheas | 2,698 | 3,056 |
| | | **29,451** | **28,165** |
| **FARASBARR OIBRÍOCHTA** | | **294** | **2,001** |
| **ARNA AISTRIÚ GO DTÍ CÚLTAISCE TEORANTA** | | (347) | (331) |
| **FARSABARR CARNACH 1 MEÁN FÓMHAIR** | | 5,202 | 3,532 |
| **FARASBARR CARNACH 31 LÚNASA** | | **5,149** | **5,202** |

# Tuairisc Airgeadais


*Clár Comhordaithe amhail ar an 31 Lúnasa 2006*

| | | 2006<br>€'000 | 2005<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| | Sócmhainní Inláimhsithe | 47,007 | 46,069 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| | Fiachóirí | 2,894 | 5,290 |
| | Airgead sa bhanc agus sa láimh | 5,458 | 5,288 |
| | | **8,352** | **10,578** |
| **Creidiúnaithe** | | | |
| | Méideanna dlite laistigh de bhliain | (2,490) | (3,229) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **5,862** | **7,347** |
| **Sócmhainní Iomlána Lúide Fiachais Reatha** | | **52,869** | **53,418** |


**Arna léiriú ag**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cúltaiscí** | | | |
| | Cuntas Caipitiúil | 47,007 | 46,069 |
| | Cúltaisce Teoranta | 713 | 2,147 |
| | Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 5,149 | 5,202 |
| | | **52,869** | **53,418** |

## Ioncam





## Caiteachas Caipitil







## Foinsí Deontaisí Caiptil




## Caiteachas



# Dualgaisí Reachtúla & Fógraí Eile

**Cód Cleachtais do Rialú Bhord Stáit**
Ghlac an Institiúid leis an gCód Cleachtais do Rialú Bhord Stáit, a d'fhaomhaigh an Rialtas, Deireadh Fómhair 2001, agus táthar tar éis céimeanna a thógaint chun a chinntiú go gcloífidh an Institiúid leis an gCód.

**Achtanna um Shonraí a Chosaint, 1988 agus 2003**
An aidhm atá le hAchtanna um Shonraí a Chosaint ná príobháideachas sonraí pearsanta an duine atáthar a phróisiú a chosaint. Dlítear cearta sna hAchtanna do dhaoine ar leith chun cóip a fháil de gach sonra pearsanta a bhaineann leo agus atá ar coimeád ag an Rialaitheoir Sonraí. Is Rialaitheoir sonraí í Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí agus cloítear leis an reachtaíocht.

**Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001**
D'réir Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001 soláthraíonn na baill den mBord Rialaithe ráitis suime don Rúnaí gach bliain.

**Comhionannas**
Tá an Institiúid tiomanta don pholasaí um dheiseanna comhionnanais agus glacann le cur chuige dearfa i leith chomhionnas san eagras. Oibríonn an Institiúid méid áirithe scéimeanna, agus roghnaithe á soláthar acu do bhaill foirne maidir lena riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha, mar atá, páirtiú in obair, saoire staidéir, cláir oideachais agus sosanna gairme.

**Éifeachtúlacht Fuinnimh**
Táthar ag féachaint san Institiúid ar bhealaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú laistigh den Institiúid.

**Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003**
Cuirtear forálacha Acht um Shaoráil Faisnéise 1997, a leasaíodh trí Acht um Shaoráil Faisnéise 2003 (Leasaithe) ar an Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí.



Tháinig an Institiúid fé théarmaí tagartha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1 Deireadh Fómhair 2001.

Bunaítear trí cheart reachtaíochta do gach duine sa phobal san Acht sin, mar atá:
An ceart ar thaifead atá ar coimeád ag boird phoiblí a rochtain,
An ceart ar eolas pearsanta a bhaineann leis an duine féin a leasú nuair a bhíonn sé neamhshlán, mícheart nó sa chás go mbeadh sé míthreorach, agus
An ceart ar chúiseanna a fháil maidir le cinní a thógann boird phoiblí a bhaineann leat féin.

**Achta na dTeangacha Oifigiúla, 2003**
Foilsítear Tuarascálacha Bliantúla na hInstitiúide i bhfeidhm ó 2002/2003, Ráitis Airgeadais agus cáipéisí eile lena mbaineann go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, ag cloí le forálacha ginearálta an Achta.

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**
An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú ag Rialacha na gComhphobal Eorpacha 2002 (Íocaíocht Dhéanach i nGníomhaithe Tráchtala).

Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 (An tAcht) a tháinig i bhfeidhm 2 Eanáir 1998, ag Rialacha na gComhphobal Eorpacha 2002 (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála).

Déantar cleachtais íocaíochta na hInstitiúide a thuairisciú
anseo thíos don mbliain dar críoch 31 Lúnasa 2005 fé mar a éilítear san Acht.

(a) Tá sé mar pholasaí ag Institiúid Teicneolaíocht Trá Lí a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc go pras. Tá sain-nósanna imeachta ann a chuireann ar chumas na hInstitiúide gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí roimh an spriocam. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear seiceanna/EFTanna fé mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú.

(b) Comhshnaidhmítear sa chóras inmheánach rialála srianta agus nósanna imeachta a meastar a bheith riachtanach chun a chinntiú go gcloífear leis an Acht. Áirítear i gcóras rialála inmheánach na hInstitiúide cuntasaíocht agus srianta ríomhaireachta chun céannacht shonrasc agus chonarthaí a chinntiú chun íocaíocht a dhéanamh laistigh de na spriocdhátaí íocaíochta a shainmhínítear d'réir an Achta. Deineadh na srianta sin a dhearadh chun árachas réasúnta ach neamhiomlán i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Táirgeann Roinn na gCuntas tuairisc a shainaithníonn sonraisc fós neamhíoctha agus athbhreithnítear an tuairisc sin go rialta.

Is deimhin leis an lucht bainistíochta gur chloígh an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha.

Níor tháinig aon fhorbairt ábhartha chun cinn ó 1 Meán Fómhair 2006.

Sonraí íocaíochtaí déanacha fén Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997.

78 an t-iomlán d'íocaíochtaí déanacha a raibh luach sonraisc níos mó ná €317 ag gabháil leo.

€903,010.99 an luach iomlán de shonraisc maidir le híocaíochtaí déanacha de bhreis ar €317.

B'é meánlíon na laethanta a ndearnadh moill san íocaíocht ná 49 lá.

**Acht um Shábhailteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005**
D'réir Acht um Shábhailteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005 tá raiteas sábháilteachta ullmhaithe ag an Institiúid a chuimsíonn na gnéithe go léir a bhaineann le leas na foirne, na mac léinn agus na gcuairteoirí.

# Tuilleadh Nuachta

Thionóil an Stiúrthóir cruinniú den bhfoireann, 1 Meán Fómhair 2005.

Dhein Deloitte láithreoireacht don mBord Rialaithe ar an gCód Cleachtais i gcomhair Rialáil Bhord Stáit fé mar a leasáíodh é d'institiúidí 3ú leibhéal.

Gabhadh buíochas le Pat Flanagan agus Aoife Ní Mhuirí as an obair bhreá a dheineadar agus an bhaint a bhí acu le foireann Chiarraí a thabhairt chomh fada le Craobh na hÉireann.

Cuireadh fógra sa phreas náisiúnta agus ar ghréasáin é-thairiscintí an rialtais do ráitisí suime maidir le Foirgneamh i Léann an Chultúir a lonnú ar an gCampas Thuaidh.



Fuarthas maoiniú de €700k ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí do Dromthacker Crèche Ltd. D'fhaomhaigh an Roinn Oideachais & Eolaíochta Comhaontú Cheadúnaithe ITT a thug cead an crèche a thógaint ar an gCampas Thuaidh.

Dhein an H.E.A. beart ar Aonad a chostáil chun dearbhú a dhéanamh ar an gcostas a bhainfeadh le cúrsaí a rith - go háirithe iad siúd a mbíonn tinreamh íseal mac léinn orthu.

Thosnaigh an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste ar iniúchadh bliantúil na hInstitiúide, ar an Luan, 7 Samhain 2005. Thóg sé sin trí seachtaine go hachomair. B'í IT, Trá Lí an chéad Institiúid Teicneolaíochta go ndein an an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste iniúchadh ar chuntais na bliana 2005 dá cuid.

D'fhaomhaigh an Bord Rialaithe an cháipéis ar An Ráiteas ar Shrianta Inmheánacha Airgeadais i mí na Nollag 2005.

Bhí an Scoil Ghnó bainteach le hullmhúcháin chun togra píolótach a rith ina ngabhfadh 30 mac léinn Síneacha Máistreacht Iarchéime sa Ghnó lena n-ais a dhéanfadh baill foirne i Scoil Ghnó na hÁise - lonnaithe i mBéising - a sheachadadh trí mheán na Maindirínise in IT, Trá Lí. Tá plean ann go dtosnóidh na mic léin sin ar an gclár, Meán Fómhair 2006.

Dhein an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Comhairleoir Flan Garvey a athcheapadh mar Chathaoirleach ar an mBord Rialaithe le haghaidh tréimhse chúig bliana ó 14 Feabhra 2006.

Ceapadh Mazars mar Iniúchóirí Inmheánacha do Rannóg na hInstitiúide Teicneolaíochta a bheidh i nbhfeidhm ó 1 Márta 2006.

Tháinig an tAire Oideachais ó Leosóta ar cuairt go dtí an Institiúid, 1 Márta 2006.

D'oscail Micheál Máirtín, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Ionad Gnó Tom Crean,15 Márta 2006.

Thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cead le go raghadh Ionad Acmhainní Eolais & Leabharlainne chun cinn go dtí Céim 4/5 i Márta 2006.

Reáchtáladh na toghcháin d'Aonad na Mac Léinn ar an 4 Aibreán 2006.

Thosnaigh an Institiúid ar a cuid ullmhúchán i ngcóir scéim na Gaeilge d'réir riachtanais Acht na dTeangacha 2003.